AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 19.11.2024
COM(2024) 530 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN

CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA

maidir le gníomhaíochtaí agus comhairliúcháin an Ghrúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht dá dtagraítear in Airteagal 31 de Rialachán (AE) 2019/125 maidir le trádáil in earraí áirithe a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh phionós an bháis, le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach

1. Réamhrá

Le hAirteagal 31(4) de Rialachán (AE) 2019/125 an 16 Eanáir 2019 ('an Rialachán') maidir le trádáil in earraí áirithe a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh phionós an bháis, le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach[1], ceanglaítear ar an gCoimisiún tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí, scrúduithe agus comhairliúcháin an Ghrúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa. Ní ceart leis an tuarascáil dochar a dhéanamh do na leasanna tráchtála atá ag daoine nádúrtha nó dlítheanacha.

Cuirtear faisnéis ar fáil faoi ghníomhaíochtaí an Ghrúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht in 2023 sa tuarascáil seo.

2. Creat rialála

Tá sé de chuspóir ag an Rialachán cosc a chur ar phionós an bháis, ar thaobh amháin, agus ar íde nó ar phionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach, ar an taobh eile, i dtíortha lasmuigh den Aontas trí thrádáil in earraí áirithe a shrianadh. Déantar idirdhealú leis idir:

- earraí atá mí-úsáideach ó nádúr agus nár cheart a thrádáil in aon chor (Iarscríbhinn II); agus
- earraí a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach (Iarscríbhinn III) nó le haghaidh phionós an bháis (Iarscríbhinn IV) ach a d'fhéadfadh úsáidí dlisteanacha a bheith acu freisin, amhail earraí le haghaidh fhorfheidhmiú an dlí nó le haghaidh úsáid theiripeach.

Tá trádáil in earraí a liostaítear in Iarscríbhinní II, III agus IV faoi réir srianta áirithe. Leis an Rialachán, déantar a leanas go sonrach:

i. maidir leis na hearraí a liostaítear in Iarscríbhinn II, toirmisctear a n-allmhairiú isteach san Aontas Eorpach, a n-onnmhairiú as an Aontas Eorpach agus a n-idirthuras tríd an Aontas Eorpach, arb earraí iad nach bhfuil úsáid phraiticiúil acu seachas chun críocha phionós an bháis nó chun críoch céastóireachta. Toirmisctear leis soláthar aon chúnaimh theicniúil a bhaineann leis na hearraí sin, lena n-áirítear oiliúint ar conas iad a úsáid. Toirmisctear leis freisin fógraíocht a dhéanamh ar na hearraí sin sna meáin chlóite, ar an idirlíon, ar an teilifís nó ar an raidió, nó iad a thaispeáint nó a thairiscint lena ndíol ag taispeántas nó ag aonach trádála.

ii. éilítear réamhúdarú leis, ar bhonn cás ar chás, le haghaidh onnmhairí earraí a liostaítear in Iarscríbhinn III, a d'fhéadfaí a úsáid chun críoch céastóireachta, ach a bhféadfadh úsáidí dlisteanacha eile a bheith acu (e.g. le haghaidh fhorfheidhmiú an dlí). Éilítear réamhúdarú onnmhairiúcháin freisin le haghaidh cúnamh teicniúil nó seirbhísí bróicéireachta a bhaineann leis an gcatagóir earraí sin a sholáthar. Ní áirítear in Iarscríbhinn III:

[1] IO L 30, 31.1.2019, lch. 1. Tar éis é a leasú roinnt uaireanta, rinneadh Rialachán (CE) Uimh. 1236/2005 ón gComhairle an 27 Meitheamh 2005 maidir le trádáil in earraí áirithe a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh phionós an bháis, le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach (IO L 200, 30.7.2005, lch. 1), a chódú mar Rialachán (AE) 2019/125.

a) na hairm tine faoi réir Rialachán (AE) Uimh. 258/2012[2];
b) na hítimí dé-úsáide faoi réir Rialachán (AE) 2021/821[3]; nó
c) na hearraí atá faoi réir théarmaí Chomhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle[4]; agus

iii. rialaítear trádáil in earraí in Iarscríbhinn IV is féidir a úsáid le haghaidh phionós an bháis (e.g. trí instealladh marfach), ach a fhéadfar a úsáid freisin chun críoch dlisteanach teiripeach. Tugadh isteach údarú ceadúnais sonrach (an t-údarú ginearálta onnmhairiúcháin ón Aontas) chun onnmhairiú earraí den sórt sin a rialú agus cosc a chur ar a n-aistriú lena n-úsáid i mbásuithe le hinstealltaí marfacha, gan srian a chur ar thrádáil iontu chun críoch míochaine, tréidliachta nó chun críoch dlisteanach eile.

3. Gníomhaíochtaí an Ghrúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht

Bunaíodh an Grúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht de bhun Rialachán (AE) 2016/2134 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] chun ceisteanna a bhaineann le cur i bhfeidhm an Rialacháin a scrúdú.

Tá an Grúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht ina ardán do shaineolaithe ó na Ballstáit agus do sheirbhísí an Choimisiúin chun faisnéis faoi chleachtais riaracháin a mhalartú agus chun plé a dhéanamh ar shaincheisteanna maidir le léirmhíniú an Rialacháin, saincheisteanna teicniúla maidir leis na hearraí a liostaítear, forbairtí a bhaineann leis an Rialachán agus nithe eile a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Téann an Coimisiún i gcomhairle leis an nGrúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht nuair atá gníomhartha tarmligthe á n-ullmhú aige, i gcomhréir leis an gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[6].

Tháinig an Grúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht le chéile faoi dhó in 2023, an 27 Aibreán agus an 23 Samhain, go fíorúil, chun faisnéis a mhalartú faoi roinnt saincheisteanna (a bhfuil achoimre orthu tugtha thíos) a bhaineann le cur i bhfeidhm an Rialacháin.

3.1 Forbairtí maidir leis an mbunghníomh

Níor glacadh aon ghníomh tarmligthe lena leasaítear an Rialachán in 2023.

3.2 Faisnéis trádála: sonraí a thuairisciú

[2] Rialachán (AE) Uimh. 258/2012 an 14 Márta 2012 lena gcuirtear Airteagal 10 de Phrótacal na Náisiún Aontaithe i gcoinne monarú agus gáinneáil aindleathach arm tine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna agus armlóin, lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta (Prótacal Arm Tine na Náisiún Aontaithe) chun feidhme, agus lena mbunaítear bearta i ndáil le húdarú onnmhairithe, le hallmhairithe agus le hidirthurais le haghaidh arm tine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna agus armlóin (IO L 94, 30.3.2012, lch. 1).

[3] Rialachán (AE) 2021/821 an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear córas Aontais chun onnmhairiú, bróicéireacht, cúnamh teicniúil, idirthuras agus aistriú ítimí dé-úsáide a rialú (athmhúnlú) (IO L 206, 11.6.2021, lch. 1).

[4] Comhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle lena sainítear comhrialacha faoina rialaítear rialú onnmhairithe teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata (IO L 335, 13.12.2008, lch. 99).

[5] Rialachán (AE) 2016/2134 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2016 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1236/2005 ón gComhairle maidir le trádáil in earraí áirithe a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh phionós an bháis, le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach (IO L 338, 13.12.2016, lch. 1).

[6] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

Chuir an Coimisiún i láthair staid na himeartha maidir leis an tuarascáil bhliantúil dá dtagraítear in Airteagal 26(3) den Rialachán. Chuir an Coimisiún feidhmiúlacht nua i láthair trína n-iarrtar ar údaráis sna Ballstáit na sonraí is gá a uaslódáil chun críoch tuairiscithe go díreach i leabharlann an Chórais Dé-úsáide Leictreonaigh (DUes), faoin modúl a bhaineann leis an Rialachán 'Frithchéastóireachta'. Tá sé beartaithe leis sin comhiomlánú na sonraí ar fud na mBallstát uile a chuíchóiriú agus a éascú. Áirítear leis an bhfaisnéis a bhailítear go háirithe an cineál earra, an ceann scríbe onnmhairiúcháin agus an úsáid deiridh. Léirítear na gnéithe sin sa tuarascáil bhliantúil ón gCoimisiún. Anuas air sin, chuir an Coimisiún faisnéis maidir leis na sonraí trádála ar fáil sa tuarascáil dá dtagraítear thuas nuair a glacadh í[7].

[7] COM (2023) 689 final, 8.11.2023 agus Iarscríbhinní 1 go 11 arna gceartú (C (2024) 2491 final, 10.4.2024

3.3 Grúpa neamhfhoirmiúil saineolaithe an Choimisiúin

Lean an Coimisiún de bheith ag cur an Ghrúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht ar an eolas maidir le gníomhaíochtaí an ghrúpa neamhfhoirmiúil saineolaithe a bunaíodh de réir chonclúidí a thuarascála athbhreithniúcháin[8]. Leis an ngrúpa neamhfhoirmiúil, tugtar le chéile dearcthaí éagsúla (e.g. abhcóideacht, forfheidhmiú an dlí, taighde, agus custaim). Tá feidhm chomhairleach, agus feidhm chomhairleach amháin, ag an ngrúpa agus cuireann an fheidhm sin le feidhm an Ghrúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht.

Le linn 2023 cuireadh an Grúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht ar an eolas faoin bplé a rinneadh laistigh den ghrúpa neamhfhoirmiúil saineolaithe a bhain leis an Rialachán a neartú. Rinne an grúpa neamhfhoirmiúil saineolaithe measúnú ar fhorbairtí teicneolaíochta agus ar tháirgí nua chomh maith le húsáid trealaimh áirithe forfheidhmithe dlí a úsáidtear i gcleachtais phóilíneachta, lena n-áirítear earraí a úsáidtear i gcásanna neamh-choinbhéirseachta amhail le linn comhthionóil shíochánta.

Chun an Rialachán a neartú, agus i gcomhréir le conclúidí thuarascáil athbhreithnithe 2020 ón gCoimisiún, phléigh an grúpa neamhfhoirmiúil saineolaithe earraí áirithe a aistriú ó chatagóir amháin (Iarscríbhinn III) go catagóir eile (Iarscríbhinn II) chomh maith le hearraí nua áirithe nach liostaítear faoi láthair in aon cheann de na hiarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán a chur leis. Luaigh saineolaithe na hearnála slándála ón ngrúpa neamhfhoirmiúil saineolaithe, nuair atá earraí a úsáidtear le haghaidh fhorfheidhmiú an dlí nó in ionaid choinneála á meas, gur gné fhíor-riachtanach atá le cur san áireamh é cé acu atá nó nach bhfuil ‘gá’ leo agus, má tá, an bhfuil a ndearadh daonnúil go leor.

A mhéid a bhaineann leis an rialú ar chógaisíocht a d’fhéadfaí a úsáid le haghaidh instealltaí marfacha, bhí an chomhpháirtíocht leis an tionscal agus a phrótacail féinrialála ríthábhachtach d’éifeachtacht na rialuithe sin, prótacail ar léir go raibh siad ríthábhachtach chun cosc a chur ar úsáid chógaisíocht an Aontais i mbásuithe.

Tarraingíodh suas an smaoineamh go gcuirfí toirmeasc iomlán ar oiliúint maidir le mí-úsáid aon trealaimh forfheidhmithe dlí a d’éascódh céastóireacht nó íde. Bhí plé an ghrúpa neamhfhoirmiúil ina ionchur do dhréacht-togra le haghaidh gníomh tarmligthe a chuir an Coimisiún faoi bhráid an Ghrúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht[9].

3.4 Trádáil gan chéastóireacht

Chuir an Coimisiún an Grúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht ar an eolas faoi ábhar na tuarascála téamaí bliantúla maidir le ‘trádáil dhomhanda in airm, trealamh agus gairis a úsáideann údaráis forfheidhmithe dlí agus údaráis phoiblí eile lenar féidir céastóireacht agus íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach a dhéanamh’ ó Alice Edwards, Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe maidir le Céastóireacht, a eisíodh an 24 Lúnasa 2023.

Sa tuarascáil, cuireann Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe forléargas bliantúil i láthair ar threochtaí agus ar fhorbairtí a bhaineann le céastóireacht, chomh maith le staidéar téamach ar thrádáil dhomhanda in airm, trealamh agus feistí a úsáideann údaráis forfheidhmithe dlí

[8] COM (2020) 343 final, 30.7.2020.
[9] Tá rannpháirtíocht le saineolaithe laistigh den Ghrúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht ar siúl faoi láthair.

agus údaráis phoiblí eile a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh céastóireachta agus íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach.

Thug an Coimisiún dá aire ábharthacht na tuarascála sin ó thaobh Rialachán an Aontais a neartú.

Ina theannta sin, sainaithnítear sa tuarascáil liosta ítimí a mheastar a bheith cruálach, mídhaonna nó táireach ó nádúr agus ar cheart, dá réir sin, iad a thoirmeasc (liosta neamh-uileghabhálach 20 cineál trealaimh/airm). Moltar leis ansin liosta earraí ba cheart a rialáil ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta. Cé go bhfuil úsáid dhlisteanach ag na hítimí sin, d'fhéadfaí mí-úsáid a bhaint astu le haghaidh céastóireachta agus, dá bhrí sin, tá gá le leibhéal maoirseachta.

Tugtar chun críche an tuarascáil le moladh 'ionstraim idirnáisiúnta um trádáil gan chéastóireacht a fhorbairt chun na hoibleagáidí atá ann cheana a chomhlánú agus a threisiú, is iad sin oibleagáidí céastóireacht agus íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach a thoirmeasc agus a chosc.'

Chuir an Coimisiún an Grúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht ar an eolas freisin faoi ghrúpa de bhreis agus tríocha eagraíocht sochaí sibhialta ó gach réigiún a thacaíonn leis na hiarrachtaí leanúnacha i dtreo 'Trádáil gan chéastóireacht.' Chuaigh na heagraíochtaí sin i gcomhar le chéile chun conradh idirnáisiúnta a iarraidh d'fhonn rialú a dhéanamh ar thrádáil in uirlisí ceastóireachta a úsáidtear chun agóidí síochánta a chur faoi chois agus chun daoine atá faoi choinneáil a mhí-úsáid ar fud an domhain. I ndearbhú a síníodh i Londain i mí Eanáir 2023, d'iarr eagraíochtaí neamhrialtasacha um chearta an duine conradh chun toirmeasc a chur ar mhonarú agus ar thrádáil i dtrealamh atá mí-úsáideach ó nádúr, chomh maith le rialuithe atá bunaithe ar chearta an duine a thabhairt isteach maidir leis an trádáil i dtrealamh níos caighdeánaí forfheidhmithe dlí.

3.5 Obair leantach ar an tuarascáil athbhreithniúcháin ón gCoimisiún: Rialachán (AE) 2019/125 ón gCoimisiún a neartú

Thug an Coimisiún breac-chuntas don Ghrúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht ar dhréacht-togra le haghaidh gníomh tarmligthe a roinneadh ina dhiaidh sin le saineolaithe an Ghrúpa sin chun aiseolas a fháil uathu. Leis an dréacht-togra, a ceapadh chun Rialachán (AE) 2019/125 a neartú, cuirtear leis an tuarascáil athbhreithniúcháin 2020 ón gCoimisiún, le hobair an ghrúpa neamhfhoirmiúil saineolaithe, agus leis na Tuarascálacha ó Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe maidir le Céastóireacht. Chuir an Coimisiún i dtábhacht tuarascáil mhí Dheireadh Fómhair 2023 ón Dr Alice Edwards, Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe maidir le Céastóireacht, ina sainaithníonn sí 20 cineál trealaimh forfheidhmithe dlí atá mí-úsáideach ó nádúr agus ar cheart iad a thoirmeasc agus 17 gcineál eile trealaimh forfheidhmithe dlí a bhféadfadh úsáid dhlisteanach a bheith acu ach a bhféadfaí mí-úsáid a bhaint astu le haghaidh céastóireachta agus nach mór a dtrádáil a rialú go docht. Chuir an Coimisiún i bhfios go láidir go raibh a dhréacht-togra á ullmhú agus prionsabail na dlíthiúlachta, an riachtanais agus na comhréireachta á gcur san áireamh agus go rachaidh sé i gcomhairle leis an nGrúpa Comhordaithe um Fhrith-Chéastóireacht.